



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



IONCHORPRÚ CUIDEACHTAÍ

BILEOG FAISNÉISE UIMH.1 / Aibreán 2019

CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ – AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ	1
2. CINEÁLACHA CUIDEACHTAÍ	3
3. AG FOIRMIÚ CUIDEACHTA	5
4. AINMNEACHA CUIDEACHTAÍ	9
5. SCÉIMEANNA IONCHORPRAITHE CUIDEACHTAÍ	13
6. AN TODCHAÍ - DUALGAIS IAR-IONCHORPRAITHE	13
7. TUILLEADH FAISNÉISE	15
AGUISÍN 1: SAGHAS BANNA DAINGNITHE AG CUIDEACHTA GAN STIÚRTHÓIR CÓNAITHE	16
AGUISÍN 2: CUIDEACHTAÍ NACH nÁIRÍTEAR IAD CHUN CRÍOCHA NA RIALACH 25 STIÚRTHÓIREACHTA	18
AGUISÍN 3: SEICLIOSTA MEABHRÁIN AGUS AIRTEAGAL COMHLACHAIS (GACH CINEÁL CUIDEACHTA)	19
AGUISÍN 4: SCÉIM IONCHORPRAITHE CUIDEACHTAÍ (FÉ PHRÁINN)	21
AGUISÍN 5: FOIRM BUNREACTH CUIDEACHTA TEORANTA	22

1. RÉAMHRÁ

1.1 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Stór lárnach is ea an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) le haghaidh faisnéise poiblí reachtúil ar chuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá an Oifig Phoiblí suite ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC1. Is féidir fiosrúcháin phoist a threorú chuig an CRO ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Contae Cheatharlach, R93 E920.

1.1.2 Príomhfheidhmeanna na CRO

- Ionchorprú cuideachtaí
- Ainmneacha gnó a chlárú
- Doiciméid iar-ionchorpraithe cuideachta a chlárú
- Athruithe ar shonraí ainm gnó a chlárú
- Forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a scríosadh as an gclár
- Faisnéis a sholáthar don phobal

1.2 Uaireanta oscailte

Tá an CRO ar oscailt don phobal gach lá oibre ó 9.30 ar maidin go dtí 4.30 sa tráthnóna. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad Faisnéise na hOifige le linn gnáthuaireanta oibre ar 01 804 5200 nó Íosghlao 1890 220 226*. Má bhíonn na línte gafa nó má theastaíonn uait glao a chur ar an oifig lasmuigh d'uaireanta oibre, is féidir scéala a ligean ar chóras glórphoist na hOifige. Tugtar cuireadh freisin do chliaint teagmháil a dhéanamh leis an Oifig trí ríomhphost ag info@cro.ie.

1.3 Modhanna rochtana ar fhaisnéis cuideachtaí

Is féidir leis an bpobal scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis reachtúil ar fad a fhaigheann an CRO ó chuideachtaí agus ní mór dó táille bheag a íoc nuair is infheidhme. Is í an táille sa bhileog seo an táille cheart ag am a fhoilsithe, ach is féidir le hathrú teacht ar an leibhéal táillí. Is féidir sonraí na táillí reatha a fháil i gcónaí ón Oifig nó ar www.cro.ie.

1.3.1 Is féidir faisnéis thábhachtach áirithe, ar nós ainm agus seolta oifige cláraithe na cuideachta a sheiceáil saor in aisce ag www.cro.ie/search. Má bhíonn mionfhaisnéis cuideachta níos mó ag teastáil uait, ar nós tuairisceáin bhliantúil, cuntas cuideachta nó eiscló cuideachta, is féidir iad seo a ordú ar líne agus cárta creidmheasa/dochair a úsáid le híoc astu. Ina mhalairt de chás, is féidir leat cuntas taisce CRO a oscailt. Is féidir an tsaoráid chuardaigh seo a úsáid le faisnéis cuideachta a rochtain lá agus oíche. Is í an tsaoráid chéanna atá ar fáil in oifig phoiblí na CRO agus seoltar na torthaí chugat ar an bpointe trí ríomhphost. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí ar líne, tabhair cuairt ar www.cro.ie, seol ríomhphost chuig electronic.filing@dbei.gov.ie nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. (01)8045355/5374. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuntas taisce a oscailt, seol ríomhphost chuig info@cro.ie

1.3.2 Foilsíonn an CRO ríomhfheasachán go rialta a thugann an fhaisnéis is déanaí ar nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Ní gá íoc as an bhfeasachán. Tá treoracha le fáil ar www.cro.ie ar conas liostáil don tseirbhís.

1.3.3 Is féidir leat cóip a fháil saor in aisce de dheimhniú ionchorpraithe cuideachta nó deimhniú clárúcháin ainm gnó ó www.cro.ie. Níl an deimhniú seo bailí ach le haghaidh úsáide seirbhíse poiblí amháin, mar shampla is féidir é a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuair a chuirtear iarratas isteach ar chóip dheimhniú, seoltar an chóip chugat ar an bpointe trí ríomhphost.

1.3.4 Is féidir scrúdú a dhéanamh ar na comhaid i bhformáid pháipéir le linn uaireanta oscailte agus ní féidir iad a thógáil ón Oifig. Tá saoráidí fótachóipeála le fáil san Oifig. Is féidir íomhánna scanta de na doiciméid a choimeádtar sa chóras íomháiithe a ordú ar líne ag úsáid cárta creidmheasa/dochair nó cuntais CRO, leis an bpost nó san Oifig. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí ar líne, tabhair cuairt ar www.cro.ie, seol ríomhphost chuig electronic.filing@dbei.gov.ie nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. (01) 8045355/5374.

*Tabhair faoi deara gur féidir le soláthraithe seirbhíse difriúla táillí éagsúla a ghearradh le haghaidh uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuntas taisce a oscailt, seol ríomhphost chuig info@cro.ie.

1.4 Cineálacha cuideachtaí

Is ann do roinnt cineálacha cuideachtaí príobháideacha, ar féidir iad a chorprú faoi Acht na gCuideachtaí 2014:

Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO)
Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn scaireanna
Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn ráthaíochta
Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)

Tá roinnt cineálacha de na cuideachtaí poiblí:

Cuideachta phoiblí theoranta - CPT
Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (le scaireanna) (CPN)
Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (gan scaireanna) (CPNT)
Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)
Societas Europaea (SE)

1.5 Tuilleadh faisnéise

Tá na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) agus na bileoga faisnéise ar fad dá dtagraítear sa foilseachán seo le fáil ag www.cro.ie.

1.6 Rabhadh

Ní dhéanann an bhileog seo iarracht ar bith Acht na gCuideachtaí a léirmhíniú. Tabharfaidh foireann na CRO freagra ar do cheisteanna ach baineann a lán dualgas le cuideachta a bhunú, chomh maith leis an gcostas ábhartha. D'fhéadfadh sé a bheith níos fearr duit comhairle a fháil ó d'aturnae nó cuntasóir ar cé acu cuideachta ionchorpraithe an bealach is fearr duit le do ghnólacht áirithe a fheidhmiú nó nach ea.

2. CINEÁLACHA CUIDEACHTAÍ

2.1 Cad is cuideachta teoranta ann?

Is leis na scairshealbhóirí scaireanna na cuideachta. Más cuideachta teoranta ó thaobh fiachais de atá ann, má theipeann ar an gcuideachta, ní chailleann na scairshealbhóirí ach an méid airgid atá fós le híoc as a gcuid scaireanna. Breathnaítear ar chuideachta mar eintiteas dlíthiúil ar leith agus, dá bhrí sin, is eintiteas í atá scartha agus neamhspleách ó na daoine a fheidhmíonn an chuideachta. Is í an chuideachta (agus ní hiad na scairshealbhóirí aonair) ar chóir agra a dhéanamh ina coinne i gcás nach n-íocann an chuideachta as a fiachais in ainneoin éilimh.

Tá roinnt cineálacha de na cuideachtaí teoranta:
Cineál cuideachta

Go bunúsach, tá dhá chineál cuideachta ann, cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Cuideachtaí príobháideacha is ea formhór na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, agus is cuideachtaí beaga an chuid is mó díobh siúd, nach bhfuil ach comhalta amháin nó beirt chomhaltaí acu.

Is ann do roinnt cineálacha cuideachtaí príobháideacha, ar féidir iad a chorprú faoi Acht na gCuideachtaí 2014:

Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO)
Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn scaireanna
Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn ráthaíochta
Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)

Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (le scaireanna) (CPN)
Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (gan scaireanna) (CPNT)
Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)

Cuideachta Teoranta

Is leis na scairshealbhóirí scaireanna na cuideachta. Más cuideachta teoranta ó thaobh fiachais de atá ann, má theipeann ar an gcuideachta, ní chailleann na scairshealbhóirí ach an méid airgid atá fós le híoc as a gcuid scaireanna. Breathnaítear ar chuideachta mar eintiteas dlíthiúil ar leith agus, dá bhrí sin, is eintiteas í atá scartha agus neamhspleách ó na daoine a fheidhmíonn an chuideachta. Is í an chuideachta (agus ní hiad na scairshealbhóirí aonair) ar chóir agra a dhéanamh ina coinne i gcás nach n-íocann an chuideachta as a fiachais in ainneoin éilimh.

Cineál cuideachta teoranta:

Cuideachta phríobháideach teoranta faoi theorainn scaireanna (TEO): Má dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh, ní chailleann na comhaltaí ach an méid airgid atá fós le híoc as a gcuid scaireanna. Ní cheadaítear ach 149 gcomhalta ar an iomlán. Ní bhíonn meabhrán comhlachais ag cuideachta TEO. Is féidir gan ach aon stiúrtóir amháin a bheith ag cuideachta TEO más inmhianaithe é sin. (Ní mór rúnaí ar leithligh a bheith aici mura bhfuil ach aon stiúrtóir amháin aici). Ní shonraítear cuspóirí ar bith i mbunreacht cuideachta TEO.

Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn scaireanna: Má dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh, ní chailleann na comhaltaí ach an méid airgid atá fós le híoc as a gcuid scaireanna. Ní cheadaítear ach 149 gcomhalta ar an iomlán. Bíonn meabhrán comhlachais ina bunreacht ag cuideachta CGA ina sonraítear a cuspóirí. Ní mór ar a laghad beirt stiúrtóirí a bheith ag cuideachta CGA.

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR): Má dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh, ní chailleann na comhaltaí ach an méid airgid atá tiomnaithe acu a thabhairt do shócmhainní na cuideachta, níos lú ná méid áirithe agus faoi réir ag íosmhéid €1. Mura mbíonn scairchaipiteal ag cuideachta ráthaíochta, ní gá do na comhaltaí scaireanna cuideachta a cheannach. Meán oiriúnach is ea an chuideachta seo do mhóráin comhlachtaí carthanachta agus gairmiúla toisc go dteastaíonn uathu na sochair a dhaingniú a bhaineann le pearsantacht dhlíthiúil ar leith agus dliteanas teoranta, gan a bheith orthu cistí a chruinniú ó na comhaltaí.

Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) faoi theorainn ráthaíochta: Ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag cuideachta CGA. Bíonn comhaltaí na cuideachta seo faoi dhliteanas i dhá chás; ar dtús, an méid airgid atá fós le híoc as a gcuid scaireanna, agus sa dara chás, an méid airgid atá tiomnaithe acu a thabhairt do shócmhainní na cuideachta, faoi réir ag íosmhéid €1, má dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh.

Cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna

Cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna nó cuideachta ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal is ea cuideachta comhalta aonair, atá ionchorpraithe le comhalta amháin, nó a bhfuil comhalta amháin fágtha aici. Ní mór don chuideachta beirt stiúrthóirí agus rúnaí amháin a bheith aici ar a laghad, áfach. Is féidir leis an gcomhalta aonair cinneadh a dhéanamh le Cruinnithe Ginearálta a ligean thar ceal, lena n-áirítear Cruinnithe Ginearálta Bliantúla (CGB).

2.1 Cad iad na tréithe a bhíonn ag cuideachta theoranta?

- Murab ionann agus trádálaí aonair nó comhpháirtíocht, eintiteas dlíthiúil ar leith is ea an chuideachta. Ciallaíonn sé seo gur leis an cuideachta féin an réadmhaoín agus gur féidir léi agra a dhéanamh nó gur féidir agra a dhéanamh ina coinne i leith ghnó na cuideachta.
- Leanann an chuideachta ar aghaidh ag trádáil in ainneoin go dtarlaíonn athruithe stiúrthóra nó ardbhainistíochta go dtí go ndéantar an chuideachta a fhoirceannadh.
- Tá teorainn leis an dliteanas. Ciallaíonn sé seo, má theipeann ar an gcuideachta, nach gcailleann na scairshealbhóirí ach an méid scairchaipitil a sholáthair siad (i.e. praghas a gcuid scaireanna). Ní féidir sócmhainní pearsanta na stiúrthóirí/scairshealbhóirí a urghabháil le fiachais na cuideachta a eisíoc.

2.2 Cad is cuideachta neamhtheoranta ann?

I gcuideachta neamhtheoranta, níl teorainn ar bith le dliteanas na gcomhaltaí. Is féidir le creidiúnaithe dul i muinín na scairshealbhóirí i leith dliteanas a d'fhéadfadh a bheith fós le híoc ag an gcuideachta.

2.3 Cad is UCIT ann?

Cuideachta phoiblí theoranta is ea UCIT a foirmíodh faoi Rialachán de chuid an AE (Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 & 2016) agus Acht na gCuideachtaí 2014. Is é cuspóir aonair an UCIT caipiteal a cruinníodh ón bpobal a chomhinfheistiú in urrúis inaistrithe, a fheidhmíonn ar phrionsabal an riosca a leathadh. Banc Ceannais na hÉireann is ea an t-údarás inniúil a thugann ceadú cláraithe do na UCIT ar fad ar mian leo gníomhú sa Stát.

2.3.1 Conas is féidir liom UCIT a chlárú?

Cuir Foirm A1 (foirm le cuideachta nua a ionchorprú), an dréacht-mheabhrán agus na hairteagail chomhlachais faoi bhráid na CRO.

2.4 Cad is Societas Europaea ann?

Cuideachta phoiblí theoranta Eorpach is ea Societas Europaea nó SE a foirmíodh faoi Rialachán de chuid an AE (Rialachán ón gComhairle 2157/2001) agus Ionstraim Reachtuil 21 de 2007. Is féidir SE a bhunú de bharr cumaisc, mar chuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta nó trí chomhshó cpt. Cuirtear de cheangal ar Bhallstáit faoi Alt 3 agus 10 den Rialachán plé le SE mar chuideachta theoranta phoiblí a foirmíodh de réir dlí an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláráithe.

Is féidir SE a fhoirmiú i roinnt bealaí difriúla, a ndualgais féin ag gach ceann díobh:

- trí chumasc,
- mar chuideachta shealbhaíochta,
- mar fochuideachta,
- is féidir le SE fochuideachta SE a fhoirmiú.
- is féidir SE a fhoirmiú trí CPT a chomhshó i SE.

Nuair a chláraítear SE tugtar pearsantacht dlíthiúil di. Ní mór don oifig chláráithe agus don

cheannoifig a bheith suite sa Bhallstát céanna. Tá scairchaipiteal ag Societas Europaea agus ní féidir le scairshealbhóir ach an méid airgid atá suibscríofa aige/aici a chailleadh. Cuirtear de cheangal ar SE íosmhéid scairchaipitil suibscríofa EUR 120,000 a bheith aici ar a laghad. Féach an Bhileog Faisnéise 19 - Societas Europaea, le do thoil.

2.5 Cad is EEIG ann?

Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch is ea EEIG. Meicníocht is ea í seo inar féidir le gnólachtaí san AE feidhmiú le haghaidh tráchtála trasteorann. Is é cuspóir EEIG gníomhaíochtaí eacnamaíocha a gcomhaltaí a éascú nó a fhorbairt.

Ní mór do EEIG beirt chomhaltaí a bheith aici ar a laghad, nó 20 comhalta ar a mhéad, cuideachtaí nó daoine nádúrtha, a thagann ó Bhallstáit dhifriúla. Is féidir le duine nádúrtha nó comhlacht corparáideach a bheith ina bhainisteoir ar an nGrúpáil.

Nuair a chláraítear Grúpáil:

- beidh sí ina comhlacht corparáideach
- beidh comharbas suthain agus gnáthshéala aici
- beidh pearsantacht dhlíthiúil aici

2.5.1 Conas is féidir liom EEIG a chlárú?

Ní mór Foirm IG1 a chomhlánú agus í a thaisceadh in éineacht leis an gconradh atá sínithe ag na comhaltaí. Ba chóir an fhaisnéis seo a leanas a chur sa chonradh:

- Ainm na Grúpála
- Seoladh oifigiúil
- Cuspóirí na Grúpála
- Ainm, ainm gnó, foirm dhlíthiúil, buanseoladh nó oifig chláraithe, uimhir, agus suíomh cláraithe gach comhalta, más ann.
- Ré na Grúpála, ach amháin i gcás ré éiginnte.

3. AG FOIRMIÚ CUIDEACHTA

3.1 Cén duine gur féidir leis/léi cuideachta a fhoirmiú?

De ghnáth, tugann Acht na gCuideachtaí cead do dhuine aonair nó níos mó cuideachta phríobháideach a fhoirmiú le haghaidh cuspóirí dlíthiúla ar bith trí ainmneacha a chur leis an bunreacht. Ní mór do chuideachta theoranta phoiblí, cuideachta neamhtheoranta phoiblí nó cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal aici, seachtar suibscríobhaí a bheith acu ar a laghad áfach. Is féidir le cuideachta phríobháideach 149 gcomhalta a bheith aici ar a mhéad agus níl teorainn ar bith leis an méid comhaltáí i gcás cuideachta poiblí.

3.2 Conas is féidir liom cuideachta a fhoirmiú?

Ní mór duit na doiciméid seo a leanas a sheoladh in éineacht leis an táille chlárúcháin chuig an CRO:

Bunreacht

Leagtar amach sa doiciméid seo na coinníollacha le cuideachta a ionchorprú. Ní mór dó forálacha a chuimsiú a phléann le hábhair áirithe, m.sh. ainm agus cuspóirí na cuideachta agus, más cuideachta theoranta ó thaobh fiachais de atá ann, ní mór é seo a shonrú freisin. Ní mór don bunreacht a bheith de réir an tábla cuí sa Sceideal d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nó chomh cosúil leis agus is féidir sna himthosca. Ní mór dó a bheith clóite, roinnte de réir míreanna agus uimhrithe go comhleánúnach.

TEO - Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna	Sceideal 1
CGA - Cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe faoi theorainn scaireanna	Sceideal 7
CGA - Cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe faoi theorainn ráthaíochta	Sceideal 8
CPT - Cuideachta phoiblí theoranta	Sceideal 9
CTR - Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta	Sceideal 10
CNT - Cuideachta phríobháideach neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici	Sceideal 11
CPN - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici	Sceideal 12
CPNT - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici	Sceideal 13

Ní sholáthraíonn an CRO dréacht bunreacht, dréacht-mheabhráin nó dréacht-airteagail chomhlachais le húsáid ag cuideachtaí. Is féidir samplaí de na doiciméid seo a fháil ó stáiseanóirí dlíthiúla, cuntasóirí, aturnaetha nó gníomhairí foirmithe cuideachta.

Foirm A1

Ní mór duit sonraí a sholáthar ar an bhfoirm seo maidir le hainm na cuideachta, a seoladh ríomhphoist, a hoifig chláráithe, sonraí ar a rúnaí agus a stiúrthóirí, a dtoilíú lena bpoist, na suibscríobhaithe agus sonraí ar a scaireanna. Ionchorpraítear ráiteas reachtúil sa bhfoirm gur cloíodh le dualgais Achtanna na gCuideachtaí. Tugtar sonraí freisin ar an gcineál gníomhaíochta a bheidh á dhéanamh ag an gcuideachta.

3.3 Cad is seoladh oifige cláráithe ann?

Is seoladh cuideachta é a úsáidfear le comhfhreagras CRO agus fógraí dlíthiúla foirmiúla eile a sheoladh chuig an gcuideachta. Is féidir leis an oifig chláráithe a bheith suite in áit ar bith sa Stát. Ní mór suíomh fisiceach a úsáid, ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chláráithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chlár agus doiciméid áirithe agus le doiciméid a sheachadadh de lámh.

Ní mór do chuideachta athruithe seolta oifige a chur in iúl don CRO agus is féidir léi é seo a dhéanamh trí Fhoirm B2 chomhlánaithe a sheoladh isteach tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta athraithe. Is féidir an fhoirm a chomhdú saor in aisce tríd an leagan gréasáin a chomhlánú ar www.cro.ie.

Faoi alt 50(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfar oifig chláráithe cuideachta a chur faoi chúram gníomhaire a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chuige sin ag Cláráitheoir na gCuideachtaí. Is féidir le gach cuideachta ceapachán Gníomhaire Oifigí Cláráithe a scor ach foirm B2 a chur isteach chun a seoladh a nuashonrú, agus an fhoirm a bheith sínithe ag oifigeach de chuid na cuideachta.

3.4 Cén méid oifigeach is lú a bhíonn ag teastáil ó chuideachta?

Ní mór do gach cineál cuideachta rúnaí amháin agus beirt stiúrthóirí a bheith inti ar a laghad, lena n-áirítear duine a chónaíonn i mballStát Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). (féach 3.5 thíos). Is féidir leis an rúnaí bheith ar dhuine de na stiúrthóirí freisin. Is é an eisceacht a bhaineann le cuideachta TEO - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna arna clárú faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014, gur féidir léi gan ach stiúrthóir amháin a bheith aici más inmhianaithe é sin. Tá feidhm ag an gceangaltas maidir le cónaí sa LEE i gcás cuideachta TEO freisin.

I gcás cuideachta a bhfuil aon stiúrthóir amháin aici (TEO), ní féidir leis an duine céanna feidhmiú mar stiúrthóir agus mar rúnaí. Tá an dualgas ar an stiúrthóir nó na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil na scileanna is gá ag an duine a cheapfar ina rúnaí chun a chuid/cuid dualgas reachtúil agus dualgas dlíthiúil eile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh tarmligthe ag an stiúrthóir nó ag na stiúrthóirí.

Is féidir le comhlacht corparáideach gníomhú mar rúnaí do chuideachta eile, ach ní dó féin. Tá réimse leathan freagrachtaí dlíthiúla ag oifighigh go léir na cuideachta. Cuimsítear na heochairdualgais i mBileoga Faisnéise Uimh. 16, "Rúnaí na Cuideachta" agus Uimh. 2, "Sé rud ar chóir a bheith ar eolas ag stiúrthóir cuideachta faoi chlárú cuideachtaí", agus Leabhrán Faisnéise 2, "Stiúrthóirí Cuideachta" de chuid Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú, le fáil ag www.odce.ie

3.5 An féidir le cuideachta stiúrthóir a bheith aici nach gcónaíonn i mballStát Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)?

Ní mór do stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith ina c(h)ónaí i mballStát Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Ní bhaineann an ceanglas seo le haon chuideachta, áfach, ag a bhfuil banna i bhfeidhm aici ar luach €25,000, san fhoirm atá leagtha síos (féach Aguisín 1). Forálann an banna, nuair a theipeann ar chuideachta fíneáil nó cuid d'fhíneáil a íoc a fhorchuirtear i leith ciona faoi Acht na gCuideachtaí 2014 nó an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó pionós faoin acht dheireanach, go n-úsáidfean an t-urra chun íoc as dliteanas na cuideachta, chomh hard le luach an bhanna.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar shainmhíniú do "dhuine a chónaíonn sa mballStát" agus ar bhannaí i gcoitinne, féach an Bhileog Faisnéise Uimh. 17, "Ceanglas chun Stiúrthóir a chónaíonn in LEE a bheith ag cuideachta". Ciallaíonn Ballstát an LEE stát atá ag glacadh páirte i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a síníodh ag Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna leasú don am i láthair.

3.6 An féidir le haon duine bheith ina stiúrthóir cuideachta?

I dtéarmaí ginearálta, is féidir. Níl gá le cáilíochtaí foirmiúla. Ach ní féidir le daoine áirithe bheith ina stiúrthóirí, áfach:

- comhlacht corparáideach
- féimheach neamhscaoilte
- iniúchóir cuideachta
- aon duine faoi bhun **ocht mbliana déag d'aois**. (alt 131 d'Acht na gCuideachtaí 2014)
- mar a shonraítear sna hairteagail chomhlachais m.sh. má theipeann ar stiúrthóir freastal ar chruinnithe an bhoird ar feadh tréimhse ama sonraithe gan leithscéal réasúnach, nó más duine mímhéabhrach é/í
- cuirtear toirmeasc ar dhuine atá dícháilithe ag an Ard-Chúirt ó bheith ina stiúrthóir faoi alt 842 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar feadh na tréimhse atá sonraithe san ordú cúirte¹
- duine ar bith a ciontaíodh ar díotáil i leith ciona indéoltála maidir le cuideachta, nó cion indéoltála ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, dícháilítear é/í go huathoibríoch ar feadh cúig bliana (nó tréimhse a ordaíonn an chúirt) óna bheith ina stiúrthóir nó a bheith bainteach i mbealach ar bith le cuideachta a chur chun cinn, a bhainistiú nó a fhoirmiú
- nuair a cheaptar duine mar stiúrthóir, bíonn an ceapachán sin neamhbhailí (féach 3.7 thíos) má bhíonn breis is an íosmhéid stiúrthóireachtaí ag an duine sin ná an teorainn reachtúil a fhorchuirtear faoi alt 142 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Má bhíonn ar dhuine íosmhéid scaireanna a bheith aige/aici sa chuideachta d'fhonn post a fháil mar stiúrthóir, ní mór dó/di an coinníoll seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis a c(h) eapachán nó tréimhse ama níos giorra mar a shonraítear sna hairteagail.

¹ Coimeádann an CRO clár de na stiúrthóirí ar fad atá dícháilithe i láthair na huairé, curtha in iúl di ag na cúirteanna

Ní féidir le duine le cosc curtha orthu ag an Ard-Chúirt bheith ina stiúrthóir de bhun alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014, bheith ina stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana, ach amháin má bhíonn íosmhéid scairchaipitil €500,000 ag an gcuideachta atá íoctha ina iomlán, i gcás cuideachta phoiblí theoranta nó cuideachta phoiblí neamhtheoranta, nó €100,000 (aon chuideachta eile).

3.7 An gcuirtear teorainn leis an méid stiúrthóireachtaí Éireannacha a d'fhéadfadh a bheith ag duine aonair?

Cuirtear – ní féidir le duine bheith ina stiúrthóir ar bhreis is 25 chuideachta ag am áirithe.

Ní áirítear cuideachtaí áirithe, áfach, ar na cuideachtaí a úsáidtear chun an méid stiúrthóireachtaí a ríomh. Ní áirítear na catagóirí cuideachta seo a leanas agus measúnú á dhéanamh ar an méid stiúrthóireachtaí:

- (a) cuideachta phoiblí theoranta
- (b) cuideachta a bhfuil deimhniú i bhfeidhm ina leith faoi alt 140 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Nuair a bhíonn duine ina stiúrthóir ar dhá chuideachta nó níos mó, agus ceann de na cuideachtaí seo ina cuideachta shealbháíochta ar an gcuideachta/na cuideachtaí eile, breathnaítear orthu mar chuideachta amháin.

Ina theannta sin, nuair a bhíonn cuideachta i gceist a luaitear i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí cuideachtaí a shonraítear sa tábla a ghabhann le halt 142 d'Acht na gCuideachtaí 2014², is féidir leis an stiúrthóir nó cuideachta **Foirm B68** a chur faoi bhráid an chláraitheora.

Caithfear Foirm B68 a bheith sínithe ag:

- (a) stiúrthóir nó rúnaí nuair is mian leis an gcuideachta i gceist bheith eisiata ón bpróiseas measúnaithe a leagann amach an méid cuideachtaí ar a mbíonn duine ina stiúrthóir chun críocha alt 142, **nó**
- (b) duine atá ina stiúrthóir nó a bhíonn ag súil le bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta áirithe, ar mian leo bheith eisiata ón bpróiseas measúnaithe a leagann amach an méid cuideachtaí ar a mbíonn sé/sí ina stiúrthóir chun críocha alt 142.

Ma dhiúltaíonn an Cláraitheoir do dheimhniú a eisiúint ar scor Foirme B68, is féidir achomharc a chur isteach chuig an Aire Gnó, Fiontar & Nuálaíochta, ar féidir leis/léi cinneadh an chláraitheora a chur ar ceal. Is féidir leis an Aire a ordú freisin go ndéantar an chuideachta a eisiadh ó na cuideachtaí a bhreathnaítear orthu chun críocha alt 142(1).

Duine ar bith a sháraíonn alt 142(1), bíonn siad ciontach i leith ciona, ar féidir leis an gCláraitheoir a ionchúiseamh. Is ceapachán neamhbhaill é nuair a cheaptar duine ina stiúrthóir gan cloí le halt 142(1).

3.8 An féidir stiúrthóir/rúnaí, atá dícháilithe i láthair na huaire i ndlínse eile ó na poist sin a thógáil, a cheapadh mar stiúrthóir nuair a ionchorpraítear cuideachta?

Is féidir. Má bhíonn an duine atá á cheapadh mar stiúrthóir cuideachta, dícháilithe i láthair na huaire faoin dlí i stát eile (cé acu de bhun ordaithe breithimh nó binse nó ordaithe eile) óna bheith ceaptha ina stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corparáideach nó gnóthas nó ó phost den sórt sin a thógáil, cuirtear de cheangal ar an duine sin de réir dlí³ a chinntiú go ngabhann **Foirm B74** le Foirm A1.

Agus Foirm B74 faighte, cuireann an CRO é seo in iúl d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE). Is féidir leis an ODCE iarratas a chur isteach chuig an Ard-Chúirt le duine atá dícháilithe thar lear a dhícháiliú sa dlínse seo freisin. Is féidir leis an Ard-Chúirt ordú den sórt sin a dhéanamh má bhíonn sí sásta go mbeadh sé ceart duine a dhícháiliú faoi alt 842 i gcás gur in Éirinn a tharla an iompraíocht ar a mbunaítear an t-ordú.

² Seo a leanas an tábla a ghabhann le halt 45:

1. Cuideachta atá ina sealbhóir ceadúnais faoi Alt 9 d'Acht an Bhainc Cheannais 1971 nó ata eisiata ón gceanglas faoi Acht sin ceadúnas a bheith aici.

2. Duine dá dtagraítear sa Dara Sceideal d'Acht na gCuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2) 1999 (féach Aguisín 2).

³ Alt 23 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Mura ndéantar Foirm B74 a sheachadadh in éineacht le Foirm A1 nó má sholáthraítear ábhar bréagach nó míthreorach sa bhfoirm, meastar, nuair a sheachadtar Foirm A1 don CRO, go mbeidh an duine áirithe faoi réir ordaithe dícháilithe fad is a leanann an t-ordú dícháilithe thar lear.

Mura ndéantar Foirm B74 a sheachadadh in éineacht le Foirm A1 nuair is gá, dícháilítear an duine áirithe go huathoibríoch ó bheith ina (h)iniúcháir, stiúrthóir nó oifigeach eile, g(h)lacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir agus cuirtear cosc air/uirthi a bheith bainteach le nó páirt a ghlacadh i mbealach ar bith, cé acu go díreach nó go hindíreach, i gcuideachta nó cumann ar bith a chur chun cinn, a fhoirmiú nó a bhainistiú, atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2018.

3.9 An mbíonn ar an gcuideachta gníomhaíocht a bheith ar siúl aici sa Stát?

Ní ionchorprófar cuideachta ach amháin nuair is dóigh do Chláraitheoir na gCuideachtaí go mbeidh gníomhaíocht ar siúl aici i bPoblacht na hÉireann, nuair a bheidh sí cláraithe. “Gníomhaíocht” sin “gníomhaíocht ar bith ag a bhfuil cead dlíthiúil ag cuideachta bheith ar siúl aici, lena n-áirítear réadmhaoin de chineál ar bith a choinneáil, a fháil nó a dhiúscairt.”

Cuimsítear ráiteas i bhFoirm A1 go bhfoirmítear an chuideachta, i measc cuspóirí eile, chun gníomhaíocht a bheith ar siúl aici sa Stát. Cuimsítear na sonraí seo a leanas sa ráiteas:

- nádúr ginearálta na gníomhaíochta agus an cód NACE cuí (Comhbhonn is ea an cód NACE le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san AE a rangú ó thaobh staitistice de. Is féidir é a rochtain ar www.cro.ie.)
- an áit/na háiteanna sa Stát atá i gceist an ghníomhaíocht a bheith ar siúl
- an áit sa Stát, nó lasmuigh den Stát, a ndéanfar riarachán lárnach na cuideachta a riar go hiondúil

I gcás go bhfuil cuideachta á fhoirmiú chun dhá ghníomhaíocht nó níos mó a bheith ar siúl sa Stát aici, baineann na sonraí a sholáthraítear i bhFoirm A1 leis an bpríomhghníomhaíocht. Cé nach bhfuil cuspóirí sonrathite ina bunreacht ag Cuideachta TEO - cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna faoi Chuid 2 d’Acht na gCuideachtaí 2014 - ceanglaítear uirthi mar sin féin an fhaisnéis cóid NACE a thabhairt ar an bhfoirm A1.

3.10 Cad a tharlaíonn do na doiciméid a sheoltar chuig an CRO?

Déantar scrúdú ar na doiciméid ar fad (féach Aguisín 3 le haghaidh seicliosta). Má bhíonn an t-iarratas agus an t-ainm atá molta don chuideachta in ord, eiseofar deimhniú ionchorpraithe don láithreoir. Coimeádann an CRO na doiciméid a sheoltar chuici agus cuirtear ar fáil iad le haghaidh iniúchta ag an bpobal.

4. AINMNEACHA CUIDEACHTAÍ

4.1 An féidir liom ainm cuideachta ar bith a roghnú?

Ní féidir, cuirtear srianta le do rogha ainm cuideachta. Is féidir leis an CRO ainm a dhiúltú:

- má bhíonn an t-ainm sin nó ainm comhchosúil in úsáid cheana ag cuideachta ar chlár na gcuideachtaí
- más ainm urghrána é
- má thabharfadh sé urraíocht stáit le tuiscint

Cabhróidh na treoirí seo a leanas leat agus measúnú á dhéanamh agat ar cé acu ainmneacha cuideachta inghlactha nó nach ea atá á roghnú agat:

Tugtar comhairle duit costais a sheachaint maidir leis an ainm atá molta agat (m.sh. comharthaí, páipéar litreacha agus páipéarachas le hainm na cuideachta, srl. a ullmhú) sula bhfaigheann tú deimhniú ionchorpraithe a dheimhneoidh gur cláraíodh an chuideachta faoin ainm a roghnaíodh.

- Is é atá molta de ghnáth focail bhreise a chur le hainmneacha cuideachta d'fhonn a bheith in annidirdhealú leordhóthanach a dhéanamh idir eatarthu. Ní leor focail áirithe agus a ngiorrúcháin, agus aicinn agus comharthaí poncaíochta ina theannta sin, le hidirdhealú a dhéanamh idir ainmneacha cuideachta. Samplaí de na focail seo is ea an t-alt cinnte agus na focail “company (cuideachta)”, “co (cuid)”, “corporation (corparáid)”, “and (agus)”, “&”, “service (seirbhís)”, “services (seirbhísí)”, “limited (teoranta)”, srl. Meastar nach ndéanann logainmneacha idirdhealú leordhóthanach idir ainmneacha cuideachta, m.sh. Ireland (Éire), Dublin (Baile Átha Cliath), West (Iarthar), srl.
- B'fhéidir nach mbreathnaítear ar ghnéithe tuairisciúla comhchosúla, m.sh. press/printing (preas/clódóireachta), staff/employment agency (gníomhaireacht foirne/fostaíochta), nó cáiliú ginearálta nó lag ar nós “holding (sealbhaíocht)”, “group (grúpa)”, “system (córas)”, “services (seirbhísí)”, “international (idirnáisiúnta)”, srl. mar ghnéithe a chruthaíonn idirdhealú leordhóthanach idir ainmneacha cuideachta.
- Ba chóir bheith cúramach go háirithe i gcás ainmneacha a mheastar go bhfuil gné tuairisciúil acu i.e. ainmneacha atá comhdhéanta don chuid is mó d'fhocail cheaptha nó focail nach bhfuil sa bhfoclóir. Is féidir focail cháilitheacha a chur san áireamh ach ní fhéadfaidh na focail seo idirdhealú leordhóthanach a dhéanamh idir ainmneacha cuideachta.
- Diúltófar ainmneacha le glór agus/nó cuma chomhchosúil acu. Áirítear sa chás seo ainmneacha ag a bhfuil difríocht an-bheag san litriú nach ndéanann ach idirdhealú beag idir na hainmneacha.
- Ní ghlactar le huimhir ina haonar mar mharc idirdhealaitheach leordhóthanach, ach amháin nuair is cuid den ghrúpa céanna an chuideachta áirithe.
- Cuirtear cosc ar bhlianta i bhfoirm uimhreacha a úsáid le hidirdhealú a dhéanamh idir cuideachtaí leis an ainm céanna.

Baineann na srianta seo a leanas le hainmneacha cuideachta freisin:

- Ní féidir ainmneacha a chuimsíonn focail áirithe a úsáid gan cead a fháil roimh ré ó chomhlachtaí ábhartha. Mar shampla, ní féidir na focail “bank (banc)”, “banking (baincéireacht)”, “banker (baincér)” a úsáid gan cead a fháil ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Baineann na srianta seo le hainmneacha a chuimsíonn an focal “bank (banc)” freisin, ar nós “hollybank”, “sweetbank”, “canal bank”, “bancorp”, srl. agus an sloinne “Banks”, in ainneoin an bhfórais nach mbeadh sé beartaithe ag an gcuideachta á ionchorprú tabhairt faoi ghnó baincéireachta.
- Ní féidir an focal “society (cumann)”, “co-op (giorr. comharchumann)” nó “co-operative (comharchumann)” a úsáid gan cead a lorg agus a fháil roimh ré ó Chláraitheoir na gCara Chumann.
- Ní féidir na focail “University (Ollscoil)” agus “Institute of Technology (Institiúid Teicneolaíochta)” nó “Regional Technical College (Ceardcholaíste Réigiúnach)” a úsáid gan cead a lorg agus a fháil roimh ré ón Roinn Oideachais.
- I gcás an fhocail “Charity (Carthanas)”, is féidir tuilleadh faisnéise a lorg ón CRO le tacú leis a iarratas.
- Má úsáidtear focail san ainm a thugann feidhmeanna sonracha le fios, m.sh. “holding (sealbhaíocht)”, “group (grúpa)”, srl., féadfaidh tuilleadh faisnéise a bheith ag teastáil ón CRO le tacú leis an iarratas.
- Cuirtear cosc ar an bhfocal “standard (caighdeán)” a úsáid.
- Cuirtear cosc ar an bhfocal “Credit Union (Comhar Creidmheasa)” a úsáid faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.

Ní fhéadfar leas a bhaint as an bhfocal “ailtire”, cibé as féin nó in éineacht le haon fhocail nó litreacha eile, ná as ainm, teideal nó cur síos lena dtugtar le fios go bhfuil an duine sin cláraithe amhlaidh, ach amháin más rud é go bhfuil Fógra Cinnidh eisithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Níl feidhm aige sin maidir leis na hainmneacha “ailtire tírdhreacha”, “ailtire cabhlaigh”, “teicneoir ailtireachta”, “teicneolaí ailtireachta”, agus “ailtire dearaidh intí” agus téarmaí cosúil leo sin.

Ní mór do gach Cuideachta na focail a bheith ag deireadh a hainm mura bhfuil sí díolmhaithe ina leith sin.

- Limited (ltd) - Teoranta (teo)
 - Public Limited Company (plc) - Cuideachta Phoiblí Theoranta (cpt)
 - Designated Activity Company (dac) - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (cga)
 - Company Limited by Guarantee (clg) - Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (ctr)
 - Unlimited company (uc) - Cuideachta Neamhtheoranta (cn).
- Ní féidir an giorrúchán SE a úsáid ach amháin roimh nó i ndiaidh ainm cuideachta Societas Europaea. Nuair a úsáidtear an téarma ‘SE’ ag tús nó ag deireadh ainm cuideachta, sonraíonn sé seo gur Cuideachta Eorpach í.
 - Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir ceanglas bheith i bhfeidhm go bhfuil ar roinnt cuideachtaí bainistíochta na focail “Cuideachta Bainistíochta Úinéirí” san áireamh san ainm cuideachta. Foráiltear le halt 14(3) Multi-Unit Developments Act 2011 go mbeidh na focail “cuideachta bainistíochta úinéirí” san áireamh san ainm ar gach cuideachta bainistíochta úinéirí lena mbaineann an t-alt seo. Alt 14 (4) - Tá feidhm ag an alt seo maidir le cuideachtaí bainistíochta úinéirí d’fhorbairtí ilaonad, nach ndearnadh conradh ina leith chun aonad cónaithe a dhíol sular aachtaíodh an tAcht seo. Tosaíodh Alt 4 an 24 Eanáir 2011. Féach alt 14(5) freisin.

4.2 Cén áit is féidir liom an t-ainm cuideachta atá molta agam a sheiceáil?

Tugtar comhairle d’iarrthóirí scrúdú a dhéanamh ar chlár na gcuideachtaí le fáil amach an bhfuil an t-ainm atá molta acu cosúil le hainm atá cláraithe cheana. Is féidir é seo a dhéanamh saor in aisce ag úsáid saoráide na CRO le cuardach ar an ngréasán. Is féidir an tsaoráid chuardaigh seo a úsáid le faisnéis chuideachta a rochtain lá agus oíche. Is í an tsaoráid cheanna atá le fáil in oifig phoiblí na CRO agus taispeántar na torthaí ar an bpointe. Le haghaidh tuilleadh faisnéise tabhair cuairt ar search.cro.ie/company/companysearch.aspx.

Ní chuireann an CRO na hainmneacha atá molta i gcomparáid leis na hainmneacha ar chlár na n-ainmneacha gnó nó clár na dtrádmharcanna. Tugtar comhairle d’iarrthóirí, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar na cláir seo lena chinntiú nach bhfuil an t-ainm gnó nó trádmharc in úsáid cheana, toisc gur féidir le duine ar bith a éilíonn go bhfuil ceart aige/aici chun an t-ainm sin, beart bréagthairiscinte a dhéanamh lena leasanna a chosaint.

Is féidir leat cuardach a dhéanamh ar chlár na n-ainmneacha gnó ag an CRO (mar an gcéanna le clár na gcuideachtaí, is féidir leat saoráid na CRO a úsáid chun cuardach ar an ngréasán) agus ar chlár na dtrádmharcanna ag:

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Tithe an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

Teil 056 772 0111/Íosghlao 1890 220 223*
Facs 056 772 0100/Íosghlao 1890 220 120*
Email: ipinfo@ipoi.gov.ie
Gréasán: www.ipoi.gov.ie

Tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh lena chinntiú nach bhfuil an t-ainm atá ag teastáil uait ró-chosúil le hainm eile ar chlár na gcuideachtaí sula gcuireann tú na doiciméid foirmithe cuideachta isteach. Má bhíonn an t-ainm atá roghnaithe agat ró-chosúil le hainm cuideachta eile, agus má ghlacann an CRO leis le haghaidh cláraithe, trí neamhaire nó a mhalairt, d’fhéadfadh agóid scríofa a bheith curtha isteach de bharr cosúlachta chuig Clár na gCuideachtaí tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis do chuideachta a ionchorprú agus d’fhéadfadh a bheith ort ainm do chuideachta a athrú ar ordú ón gCláraitheoir.

*Tabhair faoi deara gur féidir le soláthraithe seirbhíse difriúla táill éagsúla a ghearradh le haghaidh uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a bhfuil ainmneacha ró-chosúil lena chéile nó nach bhfuil, féachfaidh an Cláráitheoir ar na tosca ábhartha ar fad a thugann le tuiscint go bhfuil na hainmneacha ar an dá chuideachta cosúil lena chéile agus go gcuirtear iad trína chéile.

Má thugann an Cláráitheoir ordú do chuideachta, de bhun alt 30 d'Acht na gCuideachtaí 2014, a hainm a athrú, ní mór di é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná sé sheachtain ón dáta a thugann an Cláráitheoir an t-ordú nó tréimhse níos faide a shocraíonn an Cláráitheoir. Is féidir cuideachta a ionchúiseamh má theipeann uirthi cloí leis an ordú.

4.3. Ainm Cuideachta a Fhorchoimeád

Tá saroáid ann chun ainm cuideachta a fhorchoimeád i bhfoirm leictreonach, trínar féidir ainm cuideachta a fhorchoimeád ar feadh tréimhse 28 lá. Is féidir teacht air in CORE sa rannán “Comhdaigh Foirm”. Ní féidir athrú ar ainm cuideachta ná Ainm Gnó (cuideachta trádála) a fhorchoimeád. Is é €25 an táille iarratais atá ag gabháil le hainm cuideachta a fhorchoimeád agus féadfar é a fhritháireamh i gcoinne d'iarratais ar chuideachta nua má chuirtear an deimhniú maidir leis an ainm deimhnithe isteach leis an bhfoirm nua iarratais A1 taobh istigh den tréimhse shonraithe 28 lá.

Baineann Rannán 30(2) le hainm cuideachta a fhorchoimeád chomh maith (4.2).

4.4 Cén áit ar chóir ainm na cuideachta a thaispeáint?

Ní mór do gach gnólacht a hainm a phéinteáil nó a ghreamú lasmuigh de gach oifig nó áit ina ndéantar gnó fiú amháin más teach an stiúrthóra a bhíonn i gceist. Ní mór don ainm a bheith sofheicthe agus inléite araon.

4.5 Cad iad na doiciméid ar gá ainm na cuideachta a thaispeáint?

Ní mór don chuideachta a hainm a lua, i litreacha inléite, ar chinn litreach na cuideachta, foirmeacha ordaithe, sonraisc, srl. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar na ceanglais reachtúla, féach Bileog Faisnéise Uimh. 7, “Ceanglais Nochtá agus Foilseacháin maidir le Cuideachtaí agus Ainmneacha Gnó”.

4.6 An féidir liom cuideachta CGA/CTR a ionchorprú atá faoi gan an nath “Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta” a úsáid in ainm na cuideachta?

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, féadfar an nath “Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta” a fhágáil ar lár ó ainm na cuideachta sa chás ina bhfuil an chuideachta ina Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe nó ina Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, agus ina sonraítear i mbunreacht na cuideachta gurb ionann na cuspóirí agus cur chun cinn na tráchtála, na healaíne, na heolaíochta, an oideachais, an chreidimh nó na carthanachta. Ina theannta sin, ní mór go sonrúfaí i mbunreacht na cuideachta

- (a) gur gá brabús na cuideachta (más ann) nó ioncam ar bith eile a úsáid leis na cuspóirí a chur chun cinn;
- (b) go gcuirtear cosc ar dhíbhinní a íoc lena comhaltaí;
- (c) gur gá na sócmhainní ar fad a bheadh ar fáil do na comhaltaí ar chuma eile a aistriú chuig cuideachta eile nuair a dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh agus gurb iad cuspóirí na cuideachta eile freisin ná tráchtáil, ealaín, eolaíocht, caidreamh nó carthanacht a chur chun cinn.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach mór do chuideachta atá díolmhaithe ón oibleagáid chun úsáid a bhaint as na focail mar chuid dá hainm, a thaispeáint ar a cuid litreacha agus foirmeacha ordaithe gurb amhlaidh gur cuideachta den sórt sin í.

4.6.1 Conas is féidir liom iarratas a chur isteach ar na bhfocail “Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta” a eisiáimh ó ainm na cuideachta?

Comhlánaigh Foirm G5 agus cuir an fhoirm seo faoi bhráid na CRO in éineacht le d'iarratas ar ionchorprú. Ní féidir an fhoirm a chur isteach ina haonair. Ba chóir duit a chinntiú go gcloíonn

bunreacht na cuideachta (meabhrán agus airteagail chomhlachais) leis na ceanglais reachtúla.

Más mian leat iarratas a chur isteach ar cheadúnas, tar éis do chuideachta a ionchorprú, ní mór duit Foirmeacha G5, G1Q agus G1 a chur isteach in éineacht le do mheabhrán agus airteagail chomhlachais leasaithe.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach Bileog Faisnéise Uimh. 24.

5. SCÉIMEANNA IONCHORPRAITHE CUIDEACHTAÍ

5. Féadfar cuideachta a chomhdú i bhfoirm pháipéir (foirm A1 agus bunreacht) nó féadfar é sin a chur i gcrích ar líne trí CORE, www.core.ie. Má dhéantar ar líne é, is féidir an deimhniú corpraithe a eisiúint laistigh de chúig lá oibre ó fuarthas é. Ní gá seasamh i scuaine chun doiciméid a thaisceadh san oifig airgid. Níl gá airgead a láimhseáil má íoctar as trí chárta creidmheasa. Is furasta comhéadan an tsuímh gréasáin a úsáid agus féadfar an doiciméad a chomhlánú laistigh d'achar gearr

6. AN TODCHAÍ - DUALGAIS IAR-IONCHORPRAITHE

Tá liosta iomlán foirmeacha CRO le fáil ar www.cro.ie. Is iad na foirmeacha agus na doiciméid a dhéantar iad a chomhdú don chuid is mó ná:

6.1 Foirm A4

Ní chóir do chuideachta phoiblí teoranta tosú ar ghnó nó cumhachtaí iasachtaíochta a fheidhmiú gan deimhniú a fháil ón CRO a chuireann an chuideachta i dteideal tosú ar ghnó. Le deimhniú den sórt sin a fháil, ní mór don chuideachta **Foirm A4** a chur isteach a dheimhniú go bhfuil scairchaipiteal **leithroinnte** €25,000 aici ar a laghad.

6.2 Foirm B1 (Tuairisceán bliantúil)

Cuirtear de cheangal ar chuideachta tuairisceán bliantúil a sheachadadh chuig an CRO uair sa bhliain ar a laghad. Cuimsíonn tuairisceán bliantúil sonraí faoi stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta, a hoifig chláraithe, sonraí faoina scairshealbhóirí agus a scairchaipiteal. Ní mór an tuairisceán a dhéanamh roimh Dháta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) na cuideachta agus é a chur isteach chuig an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta sin. **Bíonn a chéad DTB ag cuideachta sé mhí tar éis a hionchorpraithe.** Is féidir Foirm B1 a chomhdú ar líne ag www.core.ie le haghaidh táille laghdaithe €20.

6.3 Foirm B2 (Athrú ar oifig chláraithe)

Éilítear ar gach cuideachta de réir dlí, oifig chláraithe a bheith aici sa dlínse. Seoltar na doiciméid oifigiúla, fógraí agus páipéir chúirte ar fad chuig an seoladh seo de réir dlí. Ní mór suíomh fisiceach a bheith i gceist, agus ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chláraithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chlár agus doiciméid áirithe nó le doiciméid a sheachadadh de lámh.

Cuireann cuideachta athrú seolta in iúl don CRO trí Fhoirm B2 a chomhlánú agus a sheoladh isteach tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta athraithe. Is féidir an fhoirm a chomhdú saor in aisce tríd an leagan gréasáin a chomhlánú ar www.core.ie. Is cion é nuair nach gcuirtear an t-athrú seo in iúl don CRO.

6.4 Foirm B10 (Athrú ar stiúrthóirí nó rúnaí nó a sonraí)

Déanann cuideachta Foirm B10 a chomhdú d'fhonn a chur in iúl gur ceapadh oifigeach tar éis a hionchorpraithe, nó tar éis scoir ó cheapachán oifigigh (éirí as oifig, aistriú, bás, srl.) agus athrú sonraí a chur in iúl don CRO maidir le hoifigeach m.sh. athrú ainm nó seoladh cónaithe nua.

Ní mór Foirm B10 a sheoladh chuig an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta ar tharla an t-athrú. Is cion é nuair nach gcuirtear an t-athrú seo in iúl don CRO. Is féidir an fhoirm a chomhdú saor in aisce

tríd an leagan gréasáin a chomhlánú ar www.core.ie.

Má dhéantar stiúirtheoir a dhícháiliú i ndlínse eachtrach tar éis a ceaptha nó a cheaptha, ní mór Foirm B74a a chur isteach.

6.5 Foirm G1/G2/G1Q (Rúin)

(a) Rúin speisialta/Gnáthrúin (seachas rúin le haghaidh ainm a athrú) a chuirtear i láthair le hiad a chomhdú, ní mór iad a chló nó a chlóschríobh agus an dáta a chur leo. Ní mór d'oifigeach reatha na cuideachta an rún a shíniú de réir taifead na CRO. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann rialacha speisialta le rúin a cheadú a thugann cead don chuideachta cabhrú lena scaireanna féin a cheannach. Is féidir na rúin seo a chomhdú saor in aisce ar líne ag www.core.ie.

(b) Rúin speisialta le haghaidh ainm a athrú (Foirm G1Q): Ní mór rúin speisialta le haghaidh ainm a athrú a chló nó a chlóschríobh agus an dáta a chur leo agus ní mór an t-ainm céanna a bheith ar an deimhniú ionchorpraithe is atá ar an gcuideachta. Ní chóir rún ar bith eile a lua ar an bhfoirm seo. Ní mór cóip den mheabhrán agus de na hairteagail chomhlachais athcheartaithe, a thaispeánann ainm nua na cuideachta, a chur isteach in éineacht leis an rún agus le Foirm G1Q. Is féidir Foirm G1Q a chomhlánú ar líne ag www.core.ie agus táille €50 a íoc ina leith seachas táille €100 a íoc i leith iarratais pháipéir. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 8, "Athrú ar Ainm Cuideachta".

6.6 Athchlárú (Cineál cuideachta amháin a chomhshó i gcineál cuideachta eile)

Is féidir formhór na gcineálacha athchlárú cuideachta a chur i gcrích ach Foirm D20 a chur isteach mar aon le rún speisialta agus cóip den bhunreacht nua. D'fhéadfadh doiciméid bhreise a bheith le cur isteach i gcomhair cineálacha áirithe athchlárú. Féach Cuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus bileog faisnéise 35 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Cuideachta phoiblí theoranta a chomhshó i Societas Europaea. **(Foirm SE4 agus SE12).** Is féidir cpt a chomhshó i SE nuair a bhíonn fochuideachta ag an cpt ar feadh 2 bliana ar a laghad atá rialaithe ag na dlíthe i mBallstát eile. Féach bileog faisnéise 19 maidir le SE.

7. TUILLEADH FAISNÉISE

7.1 Cá háit is féidir liom cabhair a fháil?

Ba chóir duit dul i gcomhairle le www.cro.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise. Beidh foireann na CRO in ann comhairle ghinearálta a thabhairt duit, ach tá sé tábhachtach rudaí a dhéanamh i gceart agus cuideachta á thosú agat. Dá bhrí sin, féadfaidh sé a bheith cuí duit dul i gcomhairle le haturnae, gníomhaire foirmithe cuideachta, rúnaí cairte nó cuntasóir.

7.2 Conas a sheolaim faisnéis chuig an CRO?

Más mian leat doiciméid a sheachadadh de láimh (go pearsanta nó trí chúiréir) tá Oifig Phoiblí na CRO. Más mian leat doiciméid a chur ar an bpost, ba chóir duit iad a sheoladh chuig:

Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Contae Cheatharlach. R93 E920

Eisceachtaí – comhfhreagras ar chóir é a sheoladh chuig Baile Átha Cliath i gcónaí
D'fhonn cabhrú leis na doiciméid seo a leanas a phróiseáil go pras agus go héifeachtach, ba chóir iad a chur ar an bpost chuig na rannóga ainmnithe i Plás Gloucester Íochtarach, BÁC1:

- Foirmeacha J (Iarratais Leictreonacha ag Gníomhairí Comhdaithe)
- Comhfhreagras Ginearálta.

Comhdú reachtúil le haghaidh:

- Cuideachtaí Nua, Morgáistí/Muirear, Athchláraithe Cuideachta, Athraithe ar Ainm Cuideachta, Cuideachtaí Seachtracha

Ba chóir don rannóg ábhartha a bheith marcáilte go soiléir ar an gclúdach de réir an liosta thuas (m.sh. MORGÁISTÍ).

7.2.1 Cad chuige ar chóir dom mo dhoiciméid iar-ionchorpraithe a chomhdú ar líne?

Is féidir sonraí cláraithe a athrú ar líne saor in aisce agus i mbealach slán agus tapa. Is próiseas níos iontaofa agus níos éifeachtaí é ná páipéar a úsáid agus is féidir leis cúrsaí riaracháin a mhínghearradh. Forálann an tsaoráid d'fhoirmeacha a chomhlánú ar líne – ní mór na foirmeacha comhlánaithe a chló, a shíniú agus iad a chur faoi bhráid na CRO. Is féidir stádas na bhfoirmeacha a comhdaíodh go leictreonach a sheiceáil am ar bith.

7.3 Conas is féidir liom mo ghnólacht a bhainistiú i mbealach níos fearr leis an CRO?

Cuireann CORE (Timpeallacht Cláraithe Cuideachtaí Ar Líne) ar chumas láithreoirí amharc ar an bhfaisnéis is déanaí ar chuideachtaí ar a mbíonn siad ina ngníomhairí comhdaithe, i dtimpeallacht bhainistithe.

Cuireann CORE ar a gcumas:

- Stádas a gcuideachtaí a sheiceáil i liostaí ar féidir iad a shórtáil in oird éagsúla
- Fógra a fháil maidir le doiciméid a dhéantar a chomhdú i leith cuideachtaí ina bpunann nó athruithe ar stádas na ndoiciméad sin
- Súil a choimeád ar a gcuideachtaí
- A n-iarmhéid cuntais, idirbhearta agus ráitis CRO a fháil

Is féidir le CORE cabhrú leo freisin cuideachtaí a chosaint ó chaimiléirí a ghoideann aitheantais chorparáideacha agus a fhéadfaidh iarracht a dhéanamh sonraí na cuideachta a athrú, ar nós oifigeach, oifige cláraithe nó fiú amháin ainm na cuideachta agus an chuideachta sin a úsáid le calaois a dhéanamh ar thríú páirtí earraí nó seirbhísí a sholáthar, nó le dea-rátáil chreidmheasa a fháil d'fhonn airgead a fháil ar iasacht. Trí fhógra a thabhairt dóibh maidir le doiciméid ar bith a dhéantar a chomhdú nó le hathruithe ar stádas na ndoiciméad sin, cuirtear in iúl dóibh go luath go bhféadfadh calaois a bheith i gceist.

De ghnáth, tugann CORE cead d'úsáideoir amháin ag am ar bith amharc ar na cuideachtaí a choimeádtar súil orthu. Dá bhrí sin, má bhíonn cuideachta ar a liosta cheana ag comhairleoir gairmiúil agus más mian le hoifigeach na cuideachta súil a choimeád ar a chuideachta féin freisin, is féidir CORE a úsáid le hiarratas a chur isteach chun na críche sin. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar CORE féach www.core.ie.

AGUISÍN 1

SAGHAS BANNA DAINGNITHE AG CUIDEACHTA GAN STIÚRTHÓIR CÓNAITHE

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ ALT 137(2)

ORDÚ (BANNAÍOCHT) FAOI ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014, 2015

BHEADH A FHIOS AG GACH UILE DUINE:

1. MAR, (ainm an Urra) ^{NÓTA A HAON}

.....
(dá ngairtear “an tUrra” sa bhanna seo), agus ár n-oifig chláráithe againn ag

.....
ar ordú (ainm na cuideachta)

.....
agus a hoifig chláráithe aici ag

.....
(cuideachta atá ag lorg díolúine ó théarmaí alt 137(1) nó (2) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (dá ngairtear “an tAcht” sa bhanna seo), glacaimid orainn féin agus admháimid go mbeidh orainn íoc leis an duine atá ainmnithe (de réir bhrí alt 137(2) den Acht) an méid airgid nó na méideanna airgid a éileodh sé/sí i scríbhinn -

- (a) i leith fineála a íoc go hiomlán nó go páirteach a fhorchuirtear ar an gcuideachta i leith ciona faoi Acht na gCuideachtaí 2014, a rinne an chuideachta, ar cion é atá in-ionchúisithe ag cláráitheoir na gcuideachtaí,
- (b) i leith fineála a íoc go hiomlán nó go páirteach a fhorchuirtear ar an gcuideachta i leith ciona faoi alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a rinne an chuideachta, ar cion é arb é atá ann do mhainneachtain ráiteas a sheachadadh a cheanglaítear uirthi a sheachadadh faoi alt 882 den Acht sin nó fógra a seirbheáladh uirthi faoi alt 884 den Acht sin a chomhlíonadh,
- (c) i leith pionóis a íoc go hiomlán nó go páirteach go ndlíodh ar an gcuideachta í a íoc faoi alt 1071 nó 1073 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (d) le toiliú ó na Coimisinéirí Ioncaim, an méid airgid a d’fhéadfaí a bheith ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i leith costas den sórt sin a íoc a d’fhéadfaí a bheith tabhaithe go réasúnta ag an duine atá ainmnithe agus a d(h)ualgais á chomhlíonadh aige/aici faoi alt 137(2) den Acht,

cibé go dtarlaíonn an fhíneáil nó an pionós sin le linn nó roimh thréimhse bailíochta an bhanna, ar an gcoinníoll nach sáróidh an méid iomlán airgid a bheidh le híoc ag an Urrú leis an duine atá ainmnithe €25,000 le linn thréimhse bailíochta an bhanna seo.

2. Is coinníoll é ag an mbanna seo nach mbeidh an tUrrú faoi dhliteanas an méid airgid dá ngairtear i mír (a) nó (b) d’alt 1 den bhanna seo a íoc ach amháin nuair a bhíonn an téarma istigh le híoc as an bhfineáil forchurtha ag an gCúirt agus nach mbíonn an méid airgid áirithe urscaoilte go hiomlán.

3. Is coinníoll é ag an mbanna seo nach mbeidh an tUrrú faoi dhliteanas an méid airgid dá ngairtear i mír (c) den bhanna seo a íoc ach amháin nuair a bhíonn an t-airgead seo á lorg ag na Coimisinéirí Ioncaim ón gcuideachta agus nach mbíonn an méid airgid áirithe urscaoilte go hiomlán laistigh den thréimhse ama a cheadaítear le haghaidh íocaíochtaí den sórt sin.

4. Admhaíonn agus glacann an tUrrú leis seo nach gcuirfidh an thréimhse ama a thugtar don Chuideachta i leith pionóis a íoc, forchurtha ag na Coimisinéirí Ioncaim, isteach ar dhliteanas an

NÓTA A HAON: Ní mór don Urrú bheith ina c(h)omhalta ar aicme a shonraítear i Sceideal 2 den Ordú um Acht na gCuideachtaí 2014)(Bannaíocht) 2015 (banc, cumann foirgníochta, cuideachta árachais nó institiúid chreidmheasa)

Urraithe faoin mbanna seo.

5. Beidh éifeacht ag an mbanna seo le haghaidh tréimhse _____ ag tosú ar an _____ lá de _____
_____ 20 _____ agus ag dul in éag an _____ lá de _____ 20 _____
(dá ngairtear an tréimhse bhailíochta sa bhanna seo). ^{NÓTA A DÓ}
6. Admhaíonn agus glacann an tUrrú leis seo i gcás nach ndéantar athnuachan ar an mbanna
seo chomh luath agus a théann sí in éag, go gcuirfidh sé/sí é seo in iúl i scríbhinn do chlár na
gcuideachtaí chomh luath agus is féidir nó tráth nach déanaí ná 7 lá ina dhiaidh sin.
7. Admhaíonn agus deimhníonn an tUrrú leis seo go ndéanfaidh sé/sí cóip dheimhnithe den bhanna
seo a thabhairt do chlár na gcuideachtaí a luaithe agus is féidir tar éis don bhanna seo a thabhairt i
gcrích.

Arna dhátú an _____ lá de _____ 20 _____.

I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala an Urraithe ^{NÓTA A TRÍ} leis seo:

NÓTA A DÓ: Ní mór do bhanna dhá bliana a bheith i gceist ar a laghad agus ní féidir tús a chur léi ach amháin tar éis na himeachta cúí is cúis leis an mbanna.

NÓTA A TRÍ: Ní mór don bhanna a bheith forghníomhaithe faoi chomhshéala an Urraithe.

AGUISÍN 2

Cuideachtaí dá dtagraítear sa cúigiú sceideal a ghabhann le hacht na gcuideachtaí 2014

1. Cuideachta is gnólacht infheistíochta údaraithe de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007).
2. Cuideachta is rannpháirtí údaraithe sa mhargadh.
3. Cuideachta is gnóthas comhlachaithe nó gnóthas gaolmhar de chuid gnólachta gnó infheistíochta nó rannpháirtí údaraithe sa mhargadh, de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007).
4. Cuideachta lena mbaineann Caibidil VII, VIII nó IX de Chuid II d'Acht an Bhainc Ceannais 1989.
5. Cuideachta atá ag gabháil do ghnó taiscí nó cistí inaisíochta eile a ghlacadh nó do chreidmheas a dheonú dá cuntas féin.
6. Cuideachta is comhlacht comhlachaithe de chuid cumainn foirgníochta de réir bhrí an Achta Cumann Foirgníochta 1989.
7. Cuideachta is fiontar comhlachaithe de chuid forais creidmheasa de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa) (Maoirseacht Chomhdhlúite) 2009 (I.R. Uimh. 475 de 2009).
8. Cuideachta infheistíochta de réir bhrí Chuid 24 d'Acht na gCuideachtaí 2014.
9. Cuideachta is cuideachta bhainistíochta, iontaobhaí nó caomhnóir de réir bhrí Chuid 24 d'Acht na gCuideachtaí 2014 nó Chuid 2 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.
10. Cuideachta is gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011).
11. Cuideachta is cuideachta bhainistíochta nó iontaobhaí gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011).
12. Cuideachta is cuideachta bhainistíochta nó iontaobhaí de chuid scéime iontaobhais aonad de réir bhrí an Achta um Ionntaobhais Aonad 1990.
13. Cuideachta is comhpháirtí ginearálta nó caomhnóir comhpháirtíochta teoranta infheistíochta de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994.
14. Cuideachta a bhfuil dlúthnasc aici (de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Chaipitil) 2014 (I.R. Uimh. 158 de 2014) le gnólacht infheistíochta údaraithe dá dtagraítear i mír 1 nó cuideachta dá dtagraítear i mír 5.
15. Aon chuideachta eile a gceanglaítear, de bhua aon achtacháin nó de bhua aon ionstraime faoi aon achtachán, í a bheith údaraithe ag an mBanc Ceannais chun go mbeidh gnó á sheoladh aici.
16. Cuideachta is sealbhóir ar údarú de réir bhrí:
 - (a) Rialachán 2 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamhshaoil) 1976 (I.R. Uimh. 115 de 1976),
 - (b) Rialachán 2 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamhshaoil) 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994)
 - (c) Rialachán 2 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1984 (I.R. Uimh. 57 de 1984), nó
 - (d) Rialachán 2 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1994, (I.R. Uimh. 360 de 1994)
17. Cuideachta is idirghabhálaí árachais de réir bhrí an Achta Árachais 1989.
18. Cuideachta is comhlacht eiscthe de réir bhrí na nAchtanna Ceardchumann, 1871 go 1990.

AGUISÍN 3

SEICLIOSTA MEABHRÁIN AGUS AIRTEAGAL COMHLACHAIS (GACH CINEÁL CUIDEACHTA)

- Ní mór don mheabhrán agus do na hairteagail cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus ní mór iad a phriontáil i gcló dubh soiléir ar pháipéar buan. Ní mór do na míreanna a bheith uimhrithe go comhleanúnach.
- Ní mór na reachtanna cearta a lua, m.sh. 'Acht na gCuideachtaí 2014'.
- Más Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta í an chuideachta agus nach bhfuil an dólúine éilithe aici faoi alt 971(1)/1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór go dtabharfaí ainm iomlán na cuideachta agus Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe/Designated Activity Company nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta/Company Limited by Guarantee, mar is cuí, ina dhiaidh; ní ghlacfar le giorrúcháin go dtí cga, DAC, cft nó CLG.
- Ní mór an t-ainm cuideachta a thugtar ar Fhoirm A1 a úsáid.
- Ní mór príomhchuspóirí na cuideachta a shonrú agus ní mór dóibh freagairt do phríomhghníomhaíocht na cuideachta a aithnítear i bhFoirm A1 (ach amháin sa chás gur cuideachta TEO nach bhfuil cuspóirí aici is ea an chuideachta)
- Ach amháin i gcás cuideachta neamhtheoranta nó cuideachta ráthaíochta gan scairchaipiteal, ní mór caipiteal ainmniúil na cuideachta a shonrú sa mheabhrán. I gcás cuideachta ráthaíochta, cibé an bhfuil scairchaipiteal aici nó nach bhfuil, ní mór ráiteas a chur sa mheabhrán go nglacfaidh gach comhalta air/uirthi féin cur le sócmhainní na cuideachta i gcás go ndéantar an chuideachta a fhoirceannadh agus é/í ina c(h)omhalta, nó tráth nach déanaí ná bliain amháin ón am ó scair sé/sí lena bheith ina c(h)omhalta, le hóc as na fiacha nó na dliteanais a thabhaigh an chuideachta roimh an am a scaireann sé/sí lena bheith ina c(h)omhalta, chomh maith leis na costais, muirir agus speansais a bhaineann leis an gcuideachta a fhoirceannadh, agus le cearta na ranníocóirí a choigeartú, is é sin an méid airgid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach mó ná méid áirithe airgid. Tá eisceacht ann, áfach, i gcás cuideachta TEO - Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna arna clárú faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014. In ionad an méid den scairchaipiteal a bheartaíonn sí a chlárú agus roinnt an chaipitil sin, is féidir léi, mar mhalairt air sin, a shonrú go roinnfear scairchaipiteal na cuideachta, tráth a cláraithe, ina scaireanna de mhéid socraithe.
- I gcás cuideachta poiblí teoranta, ní mór don mheabhrán a shonrú gur cuideachta phoiblí teoranta a bheidh ann, chomh maith leis an méid scairchaipitil (íosmhéid €25,000) atá beartaithe ag an gcuideachta a shonrú agus í á chlárú agus méid airgid socair a roinnt i scaireanna.
- Ní mór do na suibscríobhaithe an meabhrán agus na hairteagail a shíniú, agus a seoltaí agus tuairisc orthu (gairmeacha beatha) a shonrú. Ní mór a sínithe a fhianú agus an dáta a chur leo. Ach amháin i gcás cuideachtaí ráthaíochta, ní mór do gach suibscríobhaí an méid scaireanna lena nglacfaidh sé/sí a scríobh síos (scair amháin ar a laghad).

Cuirtear cosc ar na hábhair seo a leanas de réir dlí:

- Ní cheadaítear cuspóirí baincéireachta ach amháin nuair a bhíonn ceadúnas faighte ó Bhanc Ceannais na hÉireann.
- Cuirtear cosc ar chuideachta bheith ina sealbhóir ar cheadúnas geallghlacadóra faoi na hAchtanna Gealltóireachta 1926-1931.
- Ní féidir le cuideachta gníomhú mar stiúrthóir, iniúchóir, glacadóir nó leachtaitheoir do chuideachta eile.
- Ní cheadaítear do chuideachta tabhairt faoi ghnó árachais nó ath-árachais ach amháin nuair a cloítear leis na hAchtanna Árachais. Nuair a luaitear gnó árachais nó ath-árachais i gcuspóirí na cuideachta, ní mór don iarrthóir a dhaingniú don CRO go bhfuil fógra glactha ag an Roinn Post,

Fiontar agus Nuálaíochta (An Rannóg um Mhaoirseacht Airgeadais Árachas) faoi alt 22(1)(b) den Acht Árachais 1989.

- Ní féidir comhar creidmheasa, ceardchumann nó cumann foirgníochta a ionchorprú mar chuideachta theoranta.
- Cuirtear cosc ar chraolachán ach amháin nuair a bhíonn cead faighte ón Údarás Craolacháin na hÉireann.

AGUISÍN 4

SCÉIM IONCHORPRAITHE CUIDEACHTA (FÉ PHRÁINN)

Coinníollacha na Scéime Ionchorpraithe Cuideachta

- Ní mór an Meabhrán agus na hAirteagail a phriontáil i gcló dubh soiléir ar pháipéar buan. Ní mór leathanaigh A4 a úsáid ((210mm x 297mm).
- Ní féidir an meabhrán agus na hairteagail priontáilte a athrú a luaithe is a dhéanann an CRO iad a cheadú agus a choimeád, ach amháin nuair a chuirtear an príomhchlásal cuspóra agus sonraí an scairchaipitil isteach.
- Ní cheadaítear príomhchlásal de bhreis is daichead focal a chur isteach agus ba chóir dhá ghníomhaíocht ar leith a áireamh ar a mhéad. Ní mór don phríomhghníomhaíocht bheith inchurtha leis an gcód NACE a leagtar amach san iarratas, Foirm A1.
- Ní féidir an scéim a úsáid le cuideachtaí a fhoirmiú nach mbíonn ag teastáil ar an bpointe le haghaidh úsáide tráchtála ag a dtionscnóirí.
- Mura ndéantar na foirmeacha tacaíochta a chomhlánú i gceart, seolfar an doiciméadú ar ais ar an bpost agus glacfar leis mar iarratas nua, nuair a dhéantar é a ath-thaisceadh leis an CRO.
- Ní mór do ghníomhairí a chinntiú go ndéanfar na bileoga faisnéise ar fad a eisítear chuig an ngníomhaire ón CRO, in éineacht leis an Deimhniú Ionchorpraithe, a chur ar aghaidh chuig a gcliainnt.
- Ní mór do dhuine a chuireann iarratas isteach ar pháirt a ghlacadh sa scéim agus a thrádálann faoi ainm gnó, a (h)ainm gnó a bheith cláraithe aige/aici ar dháta an iarratais agus ní mór dó/di an t-ainm sin a choimeád feadh thréimhse a c(h)omhaltachta.
- Ní mór do chuideachta a chuireann iarratas isteach ar pháirt a ghlacadh sa scéim na riachtanais chomhdaithe a bhaineann le tuairisceán bliantúil a chomhlíonadh, faoi Acht na gCuideachtaí 2014 feadh thréimhse a comhaltachta.
- I gcás nach gcloítear le ceann ar bith de na pointí thuas, is féidir leis an CRO deireadh a chur láithreach le comhaltacht an láithreora agus i gcás den sórt seo, cuirfidh sí an fhaisnéise seo in iúl i scríbhinn chomh maith leis an gcúis/na cúiseanna dó.
- Beidh an CRO ina eadránaí deiridh, i ngach ní, ar léirmhíniú na gcoinníollacha seo.
- Ní chruthaíonn Ballraíocht scéim 'Fé Phráinn' comhpháirtíocht, caidreamh, gníomhaireacht nó comhfhiontar d'aon chineál idir an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Comhalta.
- Ní thabharfaidh Comhalta scéim 'Fé Phráinn' le tuiscint go bhfuil sé bainteach leis nó ag gabháil leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó go bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta di nó eile. Gan teorann an méid roimhe seo, ní úsáidfídh Comhalta scéim 'Fé Phráinn', nó ní dhéanfaidh sé tagairt don CRO agus/nó dá lógó ar a láithreán gréasáin nó i bhfógraíocht, margaíocht, litríocht tionscnaimh nó preaseisiúint nó ráiteas ar bith gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón CRO.

GLACADH LEIS NA COINNÍOLLACHA

Ainm na cuideachta

Seoladh

Uimh. Theileafóin

Síniú

Dáta

AGUISÍN 5 Foirm Bunreacht - Cuideachta Teoranta

Sceideal 1 Acht na gCuideachtaí 2014

Foirm an Bhunreacht a i gcomhair Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna

BUNREACTH

[ainm na cuideachta mar atá thíos]

1. Is é ainm na cuideachta: THE SOUTH EASTERN COUNTIES FLOORING AND TILING COMPANY LIMITED.

2. Tá an chuideachta ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, atá cláraithe faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

3. Tá teorainn le dliteanas na gcomhaltaí.

4. Is ionann scairchaipiteal na cuideachta agus €50,000 roinnte i 50,000 scair de €1 an ceann. / Tá scairchaipiteal na cuideachta roinnte ina scaireanna de €1 an ceann.

5. Na Rialacháin Fhorlíontacha (más ann dóibh).

Is mian linne, na daoine éagsúla a bhfuil a n-ainmneacha agus a seoltaí scríofa, a bheith déanta ina gcuideachta de bhun an bhunreacht seo, agus aontáimid glacadh leis an líon scaireanna i gcaipiteal na cuideachta atá curtha síos os coinne ár n-ainmneacha faoi seach.

Ainmneacha agus Seoltaí na Sínitheoirí agus Cur Síos Orthu	Líon na Scaireanna arna dtógáil ag gach duine de Sínitheoirí
1. Mary Kelly	2,700
Seoladh:	
Cur síos:	
2. Alan Redmond	300
Seoladh:	
Cur síos:	
Líon iomlán na scaireanna arna dtógáil:	3,000

De réir mar is cuí:

sínithe i scríbhinn ó na síntiúsóirí thuas, fianaithe ag finné dá bhforáiltear thíos; nó fíordheimhniú ar an modh dá dtagraítear in alt 888.

Arna dhátú an -----lá de ----- 20—

Finné leis na Sínithe thuas:

Ainm:-----

Seoladh: -----

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie